

Ar Thóir na hInbhuanaitheachta — Múinteoirí in Iar-bhunscoileanna Lán-Ghaeilge ag Dul i nGleic leis an Idirghabháil Thrasteangeolaíoch chun aghaidh a thabhairt ar Ról an Bhéarla sa Chleachtas

[Seeking Sustainability — Irish-Medium Second Level Teachers Exploring Cross-Linguistic Mediation to Address the Role of English in the Classroom]

Ailín Ní Chonchuir, Ollscoil Mhá Nuad

TJ Ó Ceallaigh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Karen Ni Chlohasaigh, Coláiste Mhuire gan Smál

Achoimre

D’fhoilsigh Comhairle na hEorpa ‘An Comhleabhar’ (*Companion Volume*) — leagan nua den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) in 2020. Sa leagan nua sin, rinneadh forbairt ar ghníomh teanga ar a mbaisteadh ‘an idirghabháil’ (*mediation*) — ceann de na ceithre ghníomh chumarsáideacha teanga. Is éard atá i gceist leis an idirghabháil ná gníomh teanga a éascaíonn cumarsáid idir daoine a bhfuil bearna chumarsáide eatarthu. D’fhéadfadh an gníomh idirghabhála a bheith ag tarlú laistigh de theanga amháin nó go trasteangeolaíoch ó theanga go teanga (an idirghabháil thrasteangeolaíoch). Tugtar spléachadh sa pháipéar seo ar thaighde a chuir roimhe féachaint conas mar a d’oirfeadh an idirghabháil thrasteangeolaíoch mar straitéis do mhúinteoirí iar-bhunscoile lán-Ghaeilge (IBLG) chun aghaidh a thabhairt ar ról an Bhéarla sa chleachtas — ról a aithnítear atá conspóideach. Chun teacht ar an léargas seo, tarraingíodh ar mhodheolaíocht an AFL (Anailís Fheiniméaneolaíoch Léirmhínteach) chun iniúchadh a dhéanamh ar dhearcadh ceathrar múinteoirí faoin geleachtas trasteangeolaíoch go ginearálta, forbraíodh clár oiliúna bunaithe ar an idirghabháil thrasteangeolaíoch, agus rinneadh tuairimí na múinteoirí faoi oiriúnacht an chlár sin a chíoradh leo. Tháinig sé chun solais gur tháinig forbairt agus claochlú ar dhearcadh na múinteoirí faoi úsáid an Bhéarla sa seomra ranga de thoradh na hoiliúna agus gur shíl siad go mbeadh ábhar na hoiliúna oiriúnach dá gcomhthéacs teagaisc.

Eochairfhocail: trasteangú [translanguaging], idirghabháil thrasteangeolaíoch [cross-linguistic mediation], T1 sa tumoideachas [L1 in immersion education]

Abstract

The Council of Europe published the CEFR Companion Volume in 2020 — an updated and extended Common European Framework for Reference for Languages. In this version, descriptors were developed for ‘mediation’ — the fourth mode of communication in the CEFR. Mediation can be described as a language activity which facilitates communication between people who may have a gap in communication. The mediation activity can happen within the same language or across different languages (crosslinguistic mediation). This paper describes research which explored whether crosslinguistic mediation as developed in the Companion Volume could function as an appropriate strategy for subject teachers in Irish-medium post-primary schools to address the role of English in their practice. The research drew on IPA (Interpretative Phenomenological Analysis) to explore the perspectives of 4 teachers on crosslinguistic practice in general, a training programme in designing cross-linguistic mediation tasks was devised and implemented with the teachers, and their attitudes

towards the efficacy and applicability of the training programme to their individual classroom settings was explored with them. It transpired that the teachers expressed a change in attitudes towards the use of English in the classroom as a result of the training and that they perceived the training to be suitable for their teaching contexts.

Réamhrá

D'eascair an taighde a gcuirtear síos air sa pháipéar seo as dhá phríomhspreagadh — forbairt Chomhairle na hEorpa ar choincheap na hidirghabhála trasteangeolaí ar lámh amháin (Comhairle na hEorpa, 2001, 2020), agus dúshlán i dtuiscintí múinteoirí faoi úsáid an Bhéarla sa suíomh iar-bhunscoile lán-Ghaeilge (IBLG) ar an lámh eile (Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2020). Croí na ceiste taighde ná fiosrú maidir le droicheadú a dhéanamh idir an dá spreagadh — léamh Chomhairle na hEorpa ar an idirghabháil thrasteangeolaíoch agus riachtanais an mhúinteora IBLG, agus féachaint an bhféadfaí iad a oiriúnú dá chéile. An bhféadfadh an idirghabháil thrasteangeolaíoch feidhmiú mar bhealach oiriúnach chun plé le ról an Bhéarla ar bhealach inbhuanaithe sa seomra ranga IBLG? An bhféadfadh oiliúint san idirghabháil thrasteangeolaíoch cabhrú le múinteoirí na hearnála téacsanna Béarla a láimhseáil go héifeachtach sa seomra ranga?

Chun tabhairt faoin iniúchadh seo, rinneadh taighde a dhearadh a thabharfadh éachtaint ar cén dearcadh a bheadh ag múinteoirí ar thascanna idirghabhála trasteangeolaíocha mar bhealach chun aghaidh a thabhairt ar ról an Bhéarla sa chleachtas. Chun an cheist sin a fhreagairt, forbraíodh clár oiliúna faoin idirghabháil thrasteangeolaíoch, cuireadh an clár sin i bhfeidhm le ceathrar múinteoirí ábhar, rinneadh agallaimh aonair leis na múinteoirí roimh an gclár oiliúna agus tar éis an chláir oiliúna agus tarraingíodh ar mhachnaimh físe/fuaimne a rinne siad ag pointí éagsúla den tionscadal chun a dtuairimí faoin oiliúint a mheas. Mar chuid den oiliúint, rinne na múinteoirí tascanna trasteangeolaíocha a dhearadh iad féin, bunaithe ar théacsanna samplacha a chuir siad ar fáil a bhaineann leis an ábhar atá á mhúineadh acu (físeán Béarla ó *YouTube*, ceist ó pháipéar scrúdaithe i mBéarla, cuir i gcás).

Sa pháipéar seo, léireofar ar dtús cad atá i gceist leis an idirghabháil thrasteangeolaíoch agus tabharfar éachtaint ar oiriúnacht an choincheapa don suíomh IBLG. Míneofar an mhodheolaíocht ar tarraingíodh uirthi chun an cheist a iniúchadh. Déanfar tagairt do dhearadh an taighde agus don oiliúint a cuireadh ar fáil mar chuid den dearadh sin. Tabharfar spléachadh ar ghné ar leith de cheann amháin de na téamaí a d'eascair as na sonraí taighde agus tarraingeofar ar fhriotal na múinteoirí chun an téama sin a léiriú, mar is dual do mhodheolaíocht an AFL (an Anailís Fheiniméaneolaíoch Léirmhínteach). Léireofar go raibh tionchar ag an oiliúint agus ag na hagallaimh ar na múinteoirí agus gur cumasaíodh iad chun inbhuanaitheacht agus cosaint don Ghaeilge a chur chun cinn agus téacsanna Béarla á láimhseáil acu.

Forbairt na hIdirghabhála

Ba sa bhliain 2020 le foilsiú leagan nua den FTCE — ‘An Comhleabhar’ (Comhairle na hEorpa, 2020) — a forbraíodh tuairiscíní léiritheacha don idirghabháil mar straitéis chumarsáide den chéad uair agus a leathnaíodh an samhlú a rinneadh uirthi sa chéad leagan den FTCE in 2001. Is éard atá i gceist leis an idirghabháil ná gníomh teanga a éascaíonn cumarsáid idir daoine a bhfuil bearna chumarsáide eatarthu (Comhairle na hEorpa, 2001, 2020). Nuair a bhíonn idirghabháil ar bun, bíonn an t-úsáideoir teanga ag feidhmiú mar ghníomhaí sóisialta a thógann droichead chun brí a chomhthógáil nó a chur trasna, laistigh de theanga amháin nó ó theanga go teanga (Comhairle na hEorpa, 2001, 2020). Tógtar an droichead agus dúntar an bhearna chumarsáide trí straitéisí ar leith — achoimriú, athinsint, athfhoirmiú agus athphróiseáil ar theachttaireacht nó ar bhuntéacs nach bhfuil rochtain ag an tríú páirtí air (Comhairle na hEorpa, 2001).

Bhí an taighde seo dírithe ar an idirghabháil thrasteangeolaíoch — is é sin an próiseas a bhíonn i gceist nuair a chuirtear eolas trasna ó theanga amháin go teanga eile chun críche na cumarsáide. An té a bhíonn i mbun na hidirghabhála trasteangeolaí caitheann sé an t-eolas atá

i dTeanga A (an T1) a phróiseáil ar dtús, agus ansin na gnéithe cuí a aistriú sall go dtí Teanga B (an sprioctheanga) ar bhealach a oireann don chomhthéacs agus don éisteacht (Stathopoulou et al., 2023). Ní aistriú díreach a dhéantar ar an teachtaireacht, mar sin, ach tá comhthógáil eolais i gceist — déantar athmhúnlú, athfhoirmiú agus athchruthú ar theachtairacht an bhuntéacs chun an teachtaireacht sin a chur in oiriúint ar bhealach claochlaithe do riachtanais an té a bhfuil an téacs dírithe air (Coste & Cavalli, 2015; North, 2022; Piccardo & North, 2019; Stathopoulou, 2015). Sa droicheadú seo, sa dúnadh bearna, san athphróiseáil ar théacs, is léir gur scil thar a bheith oiriúnach í an idirghabháil don suíomh oideachais (Coste & Cavalli, 2015), agus go mór mór don mhúinteoir sa suíomh IBLG a bhíonn de shíor i mbun idirghabhála ar choincheapa, ar théarmaíocht, ar theanga an ábhair agus ar an teanga féin.

Tá na scálaí a forbraíodh do na gníomhaíochtaí idirghabhála sa Chomhleabhar rangaithe i dtrí ghrúpa — idirghabháil ar théacs, idirghabháil ar choincheap agus idirghabháil ar chumarsáid. Díriodh sa taighde seo ar an idirghabháil ar théacs. Nuair a dhéantar idirghabháil ar théacs cuirtear an t-ábhar sa téacs sin (píosa cainte, téacs scríofa, mír éisteachta nó mír físe) ar aghaidh go dtí duine nach bhfuil rochtain aige ar an téacs toisc bac éigin teangeolaíoch, cultúrtha, séimeantach nó teicniúil (Comhairle na hEorpa, 2020). Tá an cineál seo idirghabhála an-oiriúnach don teagasc ábharbhunaithe ina bhféadfaí a mhaíomh go bhfuil bearna choincheapúil, chognaíoch agus theangeolaíoch idir an dalta agus an t-eolas nua. An té atá i mbun idirghabhála, ag próiseáil téacs go trasteangeolaíoch, tá sé ag plé le hionchur i dTeanga A, ag próiseáil an ionchuir sin agus ag cruthú leagan nua den ionchur i dTeanga B (Comhairle na hEorpa, 2020; Stathopoulou, 2015), mar a pléadh thuas. I gcás an tseomra ranga IBLG, nuair a phléann an múinteoir le hionchur i dtéacs atá i mBéarla (mír físe ó *YouTube*, suíomh gréasáin, téacsleabhar, cuir i gcás) agus nuair a éilítear ar an dalta tasc i nGaeilge a tháirgeadh bunaithe ar an ionchur sin, sin an idirghabháil thrasteangeolaíoch ina

steillbheatha — gníomh nach bhfuil iniúchadh déanta air go fóill sa chomhthéacs IBLG, ainneoin oiriúnacht an tsuímh agus an ghnímh dá chéile.

An Trasteangú

Tá cosúlachtaí idir an idirghabháil thrasteangeolaíoch mar a shamhlaítear í sa Chomhleabhar leis an trasteangú atá go mór faoi chaibidil i ngort oideachais an dara teanga. Tá an idirghabháil suite laistigh de pholasaí Chomhairle na hEorpa an t-ilteangachas a chur chun cinn, agus an trasteangú suite laistigh den ‘chasadh breisteangach’ (May, 2014) a bhfuil borradh faoi i múineadh teangacha le blianta anuas¹. Dar le Baker, is é atá i gceist leis an trasteangú ná an próiseas ina ndéantar ciall, ina múnlaítear taithí, agus ina dtagtar ar thuiscint agus ar eolas trí mheán dhá theanga (Baker & Wright, 2021). Díol spéise do chomhthéacs an taighde seo gur tháinig an téarma ‘trasteangú’ ar dtús ó chomhthéacs na Breatnaise agus gur thagair sé do ghluaiseacht thrasteangeolaíoch straitéiseach idir ionchur i mBéarla agus aschur i mBreatnais sa seomra ranga tumoideachais (Baker, 2019; Baker & Wright, 2021). Sa chruthú céille trasna dhá theanga, tá comhthreomhaireacht agus cosúlacht, mar sin, idir bunús an trasteangaithe agus idirghabháil thrasteangeolaíoch Chomhairle na hEorpa.

Cé go bhfuil borradh faoin trasteangú mar straitéis oideolaíoch, áfach, aithnítear gur gá a bheith cáiréiseach le cleachtais trasteangaithe nuair is teanga mhionlaigh nó comhthéacs tumoideachais atá i gceist, agus nach féidir an oideolaíocht thrasteangeolaíoch a chur i bhfeidhm scun scan, beag beann ar an gcomhthéacs (Cenoz & Gorter, 2017; Fortune & Tedick, 2019; Ó Brolcháin, 2017). Moltar gur ar bhealach córasach, straitéiseach, pleanáilte a chuirfí cleachtas trasteangaithe i bhfeidhm, agus tagraítear dá réir do thrasteangú oideolaíoch

¹ Déantar idirdhealú idir ‘ilteangachas’ (*plurilingualism*) agus ‘breisteangachas’ (*multilingualism*) (Comhairle na hEorpa 2001). Úsáidtear an téarma ‘breisteangachas’ chun cur síos a dhéanamh ar an líon teangacha atá ag duine nó an líon teangacha a úsáidtear i bpobal ar leith. Úsáidtear an téarma ‘ilteangachas’ chun cur síos a dhéanamh ar inniúlacht chumarsáide ina dtarraingíonn an duine ar na teangacha go léir atá aige agus ar na comhthéacsanna cultúrtha a ghabhann leis na teangacha sin chun cumarsáid a dhéanamh (Comhairle na hEorpa 2001).

inbhuanaithe (Cenoz & Gorter, 2017) — trasteangú a thugann spás agus tacaíocht don mhionteanga agus a fheidhmíonn mar ‘socially responsive translanguaging agenda’ atá oiriúnach do theagasc mionteangacha atá i mbaol (Byrnes 2020, lch. 2).

Chuir an taighde seo roimhe féachaint an bhféadfadh idirghabháil thrasteangeolaíoch Chomhairle na hEorpa an inbhuanaitheacht seo a chur ar fáil san IBLG. Sa sampla den idirghabháil thrasteangeolaíoch a pléadh thuas, ina raibh ionchur ó théacs Béarla agus aschur á chur ar fáil i nGaeilge bunaithe ar an ionchur sin, feictear go bhfuil an bhéim ar an táirge, ar an sprioc, nó ar an nGaeilge sa chás seo. Bhí an bhéim seo ar chruthú an táirge sa spriocthéacs lárnach sa taighde seo, a raibh sé mar aidhm aige féachaint an bealach é an bhéim ar an táirge chun inbhuanaitheacht agus cosaint a chur ar fáil don Ghaeilge sa chás go roghnaíonn an múinteoir tarraingt ar fhoinse ionchuir i mBéarla. Chuige sin, mar chuid den oiliúint a dearadh don taighde, cuireadh teimpléad pleanála ar fáil do mhúinteoirí, a chuirfeadh ar a gcumas táirgeadh an taisc sa sprioctheanga a bheith i dtús áite nuair a bheadh téacs ionchuir Béarla á láimhseáil.

An Cleachtas Trasteangeolaíoch sa Suíomh Lán-Ghaeilge

An aidhm atá leis an oideachas lán-Ghaeilge ná ‘eispéiris oideachasúla a sholáthar trína dtacaítear le gnóthachtáil acadúil agus forbairt agus inniúlacht theangeolaíoch ar leibhéal ard sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon’ (Ó Ceallaigh & Ó Broilcháin, 2020, lch. 156). Aithnítear go bhfuil ‘an bonn eolais agus na scileanna oideolaíocha’ atá ag teastáil don chomhthéacs sin casta (Ó Ceallaigh et al., 2019, lch.2), agus aithnítear chomh maith gur ann do dhúshlán do mhúinteoirí na hearnála. I measc na ndúshlán sin, tá inniúlacht teanga (Ó Ceallaigh, 2016), comhtháthú teanga is ábhar (Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh, 2021) agus easpa ullmhúcháin don chomhthéacs teagaisc (Ní Chathasaigh & Ó Ceallaigh, 2021).

Ábhar spéise don taighde seo go bhfuil sé aibhsithe nach bhfuil ann do threoirilinte ar bith do mhúinteoirí tumoideachais maidir le húsáid na sprioctheanga agus na chéad teanga i

gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge (Ó Ceallaigh, 2016). Is cosúil go bhfuil easpa mhór taighde déanta ar an gcleachtas trasteangeolaíoch sa chomhthéacs seo agus go bhfuil gá le hiniúchadh breise a dhéanamh (Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2020).

Tá fianaise ann go bhfuil braistintí agus mothúcháin chasta ag múinteoirí agus ceannairí scoile i dtaca le húsáid chomhthráthach dhá theanga mar chleachtas ceadaithe oideolaíoch (Cummins, 2007; Cummins, 2019). Mothaíonn múinteoirí ciontach go minic faoi chleachtais trasteangaithe (Fortune & Tedick, 2019; Yuvayapan, 2019). Tá sé léirithe go mbíonn buairt orthu go bhfuil cleachtais trasteangaithe neamh-chomhoiriúnach le prionsabail an tumoideachais (Fortune & Tedick, 2019; García & Otheguy, 2020). Ní haon iontas go bhfuil trácht ar imní faoi oiriúnacht an trasteangaithe i gcás an tsuímh lán-Ghaeilge (Ó Brolcháin, 2017; Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2020) agus glacadh forleathan leis mar dheachleachtas gur Gaeilge amháin ba cheart do mhúinteoirí sa suíomh lán-Ghaeilge a úsáid (Ó Ceallaigh, 2016; Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2020).

Ainneoin na ciontachta, an mhíchompoird agus na heaspa soiléireachta, tuairiscítear mar sin féin, gur cleachtas coitianta é úsáid dhá theanga le chéile i seomra ranga dátheangach agus go mbíonn an Béarla in úsáid ar aon nós (Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2020). Tá teannas i gceist, mar is léir gur annamh a thugtar faoin trasteangú mar straitéis phleanáilte foghlama agus teagaisc (Lasagabaster, 2013; Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2020) — tagraítear do chur chuige randamach, gan treoir (Lasagabaster, 2013). D'fhéadfaí a áitiú go bhfuil míréir le sonrú — ar lámh amháin tá an cleachtas ad hoc ‘neamhbheartaithe, teagmhasach, neamhchórasach’ (Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2020, lch.162) atá ar bun maidir le húsáid an Bhéarla, agus ar an lámh eile tá an chomhairle go mbeadh cleachtas trasteangeolaíoch ina straitéis dheaphleanáilte, chórasach, eagraithe (García et al., 2017; Lasagabaster, 2013). Léiríonn an teannas seo gur ceist chigilteach í an trasteangú sa tumoideachas — ní haon iontas go dtagraítear ‘d’uiscí suaite na hoideolaíochta tras-teanga’ (Ó Ceallaigh & Ó

Brolcháin, 2020, lch.155). Ba é sprioc an taighde seo aghaidh a thabhairt ar na huiscí suaite sin.

Modheolaíocht

An Anailís Fheiniméaneolaíoch Léirmhínteach (AFL)

Tarraingíodh ar an AFL chun guth agus dearcadh na múinteoirí a thabhairt chun cinn. Is cur chuige cáilíochtúil taighde é, a bhfuil dhá phríomhaidhm aige: (i) iniúchadh domhain a dhéanamh ar thaithí saoil rannpháirtithe agus (ii) díriú ar an mbrí agus ar an gciall a bhaineann na rannpháirtithe as an taithí saoil sin (Nizza et al., 2021; Smith et al., 2022). Tá le sonrú sna haidhmeanna sin, an dá thraidisiún fhealsúnacha ina luíonn bunús teoiriciúil an AFL — an fheiniméaneolaíocht agus an heirméineotaic (Nizza et al., 2021; Smith et al., 2022). Tá na traidisiúin sin dílis don seasamh ointeolaíoch agus eipistéimeolaíoch atá ag an tógachas sóisialta mar pharaidím taighde — paraidím a d’fheidhmigh mar bhonn tuisceana fealsúnach ag an gceist taighde seo. Sa bhreis ar an bhfeiniméaneolaíocht agus ar an heirméineotaic, luaitear bunús eile teoiriciúil leis an AFL — an idéagrafach — is é sin fócas ar an rud ar leith (Smith & Nizza, 2022). Faightear léargas ar thaithí ar leith atá ag daoine ar leith i gcomhthéacs ar leith, agus tagtar ar an léargas sin trí ghluaiseacht ón anailís ar chás amháin go dtí comparáid le cásanna eile.

An Sampla/Rannpháirtithe

I ngeall ar an iniúchadh domhain léirmhínteach atá ina shaintréith den AFL, glactar leis gur sampla beag a bhíonn i gceist de ghnáth — ar an gcúis chéanna, glactar leis gur sampláil chuspóiriúil a bhíonn i gceist le taighde AFL (Brocki & Wearden, 2006). Déantar iniúchadh domhain ar líon beag rannpháirtithe seachas anailís níos leithne agus níos tuairisciúla ar mhórán, mar a fheictear san anailís théamach nó sa teoiric fhódaithe (Hefferon & Gil-Rodriguez, 2011). An sampla beag aonchineálach a bhí á lorg don taighde seo ná múinteoirí

ábhar in IBLG lasmuigh de cheantar Gaeltachta. Tháinig ceathrar múinteoirí i scoileanna éagsúla chun cinn de bharr na straitéise earcaíochta, chomhlíon an ceathrar sin na critéir agus glacadh leo don taighde. Na hábhair a bhí á múineadh ag na múinteoirí ná Staidéar Gnó, OSSP (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte), Ríomhairí, Gaeilge, Ealaín agus Meáin Dhigiteacha, OSPS (Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil). Bhí idir 4 agus 15 bliain tugtha acu ag obair sa suíomh IBLG. Maidir le próifil teanga, tógadh duine go dátheangach i gceantar Gaeltachta, tógadh duine le Gaeilge i gceantar Gaeltachta agus tógadh beirt le Béarla lasmuigh den Ghaeltacht. D'fhreastail triúr acu ar oideachas lán-Ghaeilge.

Cúrsaí Eitice agus Bailíochta

Rinneadh gach iarracht a bheith dílis do phrionsabail eitice taighde, mar a mholtar sa litríocht (Cohen et al., 2011; Mertens, 2020). Cheadaigh Coiste Eitice ollscoile an tionscadal taighde — tugadh mioneolas san iarratas ar an bhfaomhadh eitice faoi na céimeanna éagsúla a cuireadh i bhfeidhm maidir le toiliú feasach, anaithnideacht na rannpháirtithe, cosaint sonraí agus rúndacht. Rinneadh cúram ar leith sa taighde de theorainneacha a aithnítear a bhaineann leis an AFL (Brocki & Wearden, 2006; Smith & Nizza, 2022; Tai, 2023). Tugadh aird chomh maith ar chritéir cháilíochta atá leagtha amach don AFL chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna bailíochta agus iontaofachta (Brocki & Wearden, 2006; Nizza et al., 2021). Cuireadh plean cáiríseach i bhfeidhm sa taighde chun cur chuige athmhachnamhach agus féin-anailíseach a chinntiú ó thaobh an taighdeora de (Brocki & Wearden, 2006) — baineadh leas as dialann athmhachnamhach, comhráite gairmiúla agus nótaí fuaime machnamhacha.

Dearadh an Taighde

Toisc go bhfuil an AFL tógtha le hiniúchadh a dhéanamh ar an taithí saoil (Smith et al., 2022), roghnaíodh uirlisí modheolaíochta a chinnteodh go dtabharfaí tús áite d'aibhsiú na taithí sin — agallaimh dhoimhne leathstruchtúrtha, mar aon le machnaimh físe/fuaime de

thuairimí na múinteoirí. Bhí roinnt céimeanna i gceist sa dearadh taighde. Mar thúsphointe, rinneadh clár oiliúna a dhearadh agus a thástáil, ag tarraingt ar an eolas a scagadh sa litríocht agus ar thaithí ghairmiúil an taighdeora. Rinneadh agallamh domhain aonair le gach múinteoir ag tús an tionscadail chun a ndearcadh a chíoradh faoin geleachtas trasteangeolaíoch go ginearálta agus chun a fháil amach cad iad na dúshláin cleachtais a shonraíonn siad. Ina dhiaidh sin, reáchtáladh Ceardlann 1 inar cuireadh coincheapa agus téarmaíocht na hoiliúna agus samplaí de thascanna idirghabhála i láthair na múinteoirí. Cuireadh deis ar fáil do gach múinteoir, díreach i ndiaidh Cheardlann 1, machnamh físe/fuaimne a dhéanamh faoina dtuairimí maidir leis an gceardlann, chun go mbeadh léargas ar fáil faoi thionchar na ceardlainne orthu ag an bpointe áirithe sin. Reáchtáladh Ceardlann 2 ina dhiaidh sin, áit ina raibh deis ag na múinteoirí tascanna a dhearadh iad féin, bunaithe ar théacsanna samplacha a chuir siad féin ar fáil roimh an gceardlann. I measc na dtéacsanna bhí físeáin *YouTube* i mBéarla bunaithe ar na hábhair Staidéar Gnó agus Ealaín, mar aon le ceist as páipéar scrúdaithe i mBéarla, bunaithe ar an ábhar Staidéar Gnó. Mar chuid de Cheardlann 2, cuireadh teimpléad nó seicliosta — ar fáil do na múinteoirí chun a chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an ngluaiseacht ó ionchur Béarla go haschur i nGaeilge sa chás go mbeadh téacs i mBéarla á úsáid sa seomra ranga. Trí mhachnamh a dhéanamh ar na ceisteanna éagsúla sa teimpléad, cuireadh ar a gcumas an spriothéacs Gaeilge a bheith i dtús áite ina cuid pleanála, an bhéim a chur ar an táirge i nGaeilge agus droicheadú ón bhfoinse Béarla go dtí an táirge sin. Mar a rinneadh le Ceardlann 1, chuir na múinteoirí machnamh físe/fuaimne eile ar fáil díreach i ndiaidh Cheardlann 2, chun tuairimí maidir leis an gceardlann sin a mheas. Nuair a bhí an oiliúint curtha i gcrích, rinneadh agallamh domhain aonair eile le gach múinteoir — agallamh a raibh sé mar aidhm aige tionchar na hoiliúna a mheas agus tuairimí na múinteoirí faoi oiriúnacht na dtascanna a chíoradh. Cúpla mí i ndiaidh na

hoiliúna, chuir na múinteoirí machnamh fise/fuaimne eile ar fáil inar chuir siad síos ar an tionchar a mheas siad a bhí ag an rannpháirtíocht sa taighde ar a gcleachtas sa seomra ranga.

Sonraí agus Anailís

Bhí bailiúchán sonraí a raibh anailís le déanamh orthu mar thoradh ar na céimeanna thuas. San áireamh, bhí tras-scríbhinní de 8 n-agallamh, tras-scríbhinní de 12 fhís mhachnaimh, tras-scríbhinní den chaint a rinneadh sna ceardlanna, mar aon leis na tascanna a dearadh sna ceardlanna. Leanadh treoir scoláirí an AFL agus anailís á déanamh ar na sonraí sin (Smith et al., 2022). Tugadh aird ar an ngá a bheith dílis don chur chuige ionductach agus idéagrafach is dual don AFL, is é sin go ndéanfaí sonraí gach rannpháirtí ar leith a anailisiú astu féin, agus glacadh le gach tras-scríbhinn mar chás amháin ar dtús, sula ngluaisfí ar aghaidh go dtí taithí roinnte an ghrúpa. In anailís an AFL, déantar léamh agus athléamh ar na tras-scríbhinní ar dtús chun tús-théamaí a aithint, agus ansin déantar athbhreithniú, scagadh, beachtú, comhdhlúthú, coimriú agus cnuasach ar na téamaí sin chun tábla de *Théamaí Eispéireasacha Pearsanta* (TEP) a chruthú do gach rannpháirtí. Tar éis tuilleadh scagtha, athbhreithnithe agus cnuasaithe a dhéanamh ar tháblaí TEP gach rannpháirtí, cruthaítear tábla de *Théamaí Eispéireasacha Grúpa* — tábla a léiríonn taithí an ghrúpa.

Téamaí

De thoradh na hanailíse ar na tras-scríbhinní, aithníodh grúp-théamaí ar leith a bhí ag freagairt don cheist taighde agus rangáíodh iad i gceithre mhór-rannóg:

1. An múinteoir — braistintí an mhúinteora féin faoina gairm agus faoin mBéarla.
2. An comhthéacs — dearcadh an mhúinteora faoi na dúshláin atá sa chomhthéacs scoile ina bhfuil sí ag feidhmiú.
3. An cleachtas reatha — léamh an mhúinteora ar an gcur chuige reatha maidir leis an gcleachtas trastangeolaíoch, agus go sonrach úsáid an Bhéarla.

4. Claochlú — tionchar na hoiliúna ar an múinteoir.

Cuirtear i láthair thíos gnéithe de Théama 4 amháin — is é sin an bealach inar léirigh na múinteoirí an phróiseáil a rinne siad ar an oiliúint, agus an bealach inar chuir siad in iúl an ghluaiseacht a rinne siad go dtí cur chuige níos inbhuanaithe — gluaiseacht a raibh claochlú i gceist léi. Tarraingítear ar fhocail na múinteoirí chun an léiriú a thabhairt agus tarraingítear ar ráitis as tras-scríbhinní éagsúla — na machnaimh físe agus na hagallaimh araon. Tagraítear do na múinteoirí mar MA, MB, MC agus MD. Cuirtear a gcuid focal in iúl mar a rinneadh tras-scríbhinn orthu, ar bhealach a bhí dílis dá gcuid cainte. Níor cuireadh aon normalú teanga ná aon cheartúcháin i bhfeidhm, sa tslí is go mbeadh a nguth le brath ar na focail agus go mbeadh léiriú macánta ar a gcur in iúl. Reáchtáladh na hagallaimh i nGaeilge ach míníodh do na múinteoirí roimh ré go bhféadfaidís iad féin a chur in iúl i gcibé teanga ar mian leo ag aon phointe de na hagallaimh.

Léiriú ar Théama 4 — Tionchar na hOiliúna ar an Múinteoir

Sa chaint a rinneadh sna hagallaimh agus sna físeáin, chuir na múinteoirí an phróiseáil ar an oiliúint in iúl le híomhánna agus le friotal ar leith. Tharraing MC ar íomhá an chothaithe agus í ag léiriú luach na dtascanna a dhear siad sna ceardlanna. Bhí MA tógtha le híomhá an scafaill, agus dhírigh MD ar luach na pleanála. Is ar bhuntáiste chur chuige ‘coinsiasach’ agus spriocdhírithé a leag MB an bhéim. Sa léiriú a thug siad ar luach na hoiliúna trí na híomhánna seo, feictear gur cuireadh ar a gcumas gluaiseacht ó chur chuige ad hoc, neamhchórasach maidir le húsáid an Bhéarla go dtí cur chuige níos ‘cothaithe’ (MC), níos ‘coinsiasaí’ (MB), níos ‘scafallaithe’ (MA) agus níos ‘struchtúrtha’ (MD) agus iad ag plé le hacmhainní Béarla.

Íomhá an chothaithe a tharraing MC chuici féin go cruthaitheach chun cur síos ar luach an teimpléid a bhí in úsáid sna ceardlanna oiliúna. Dar léi, dá leanfaí múnla an

teimpléid, chinnteofaí go bhfuiltear ag úsáid an téacs Béarla chun ‘cothú’ a chur ar fáil don Ghaeilge:

Nuair atá tú ag baint úsáid as na acmhainní Béarla *it’s almost like how can they be as cothaitheach, like how can they be kind of as nutritious for the Gaeilge as if you’re using them for the Béarla [...] and I guess that teimpléad it **does** kind of lay out, do you know like, cad a bheidh cothaitheach, how are we actually **using** this píosa Béarla to baint úsáid as an méid is mó Gaeilge.* [MC:A2:3]²

In íomhá seo an chothaithe, feictear léiriú caolchúiseach ar an inbhuanaitheacht sa chleachtas trasteangaithe a phléitear sa litríocht (Cenoz & Gorter, 2017). Samhlaíodh do MC go gcuirtear cothú ar fáil don Ghaeilge nuair a dhéantar pleanáil mar is ceart chun acmhainn Bhéarla a úsáid — a mhalairt den chleachtas trasteangeolaíoch ad hoc a mhaítear a bhíonn ar bun go minic i seomraí ranga (Ó Ceallaigh & Ó Brolcháin, 2020).

Ag síneadh is ag searradh íomhá an chothaithe, chuir sí síos ar an easpa pleanála sa chleachtas reatha mar ‘cheapaire folamh’ agus ar an aschur teanga a éilítear in úsáid na dtascanna trasteangeolaíocha mar ‘líonadh’ chun tathag agus téagar a thabhairt don cheapaire sin:

*This is kind of a way that you know you’re ag déanamh rud éigin that could be kind of cothaitheach or could be kind of rathúil so that they’re ag siúl amach as an rang and they know that they’ve done maybe cúpla tascanna idir- kind of the ‘sandwiching’ of the Béarla [gáire] you know, that it’s not just a Béarla-Gaeilge, like an empty sandwich in between, that it’s kind of you know the idea that it’s you’re **using** rud éigin that an acmhainn that you think is ana-úsáideach so you’d kind of hope that you’re not using rud éigin that’s kind of moot or throwaway.* [MC:A2:158]

Is mar thaca, mar dhroichead thar bhearna, mar chosaint agus mar iomlánú a shamhlaigh sí struchtúr na dtascanna trasteangeolaíocha. Léiríonn an focal ‘whoosh’ thíos go ceolmhar an easpa tathaig agus an easpa téagair — an easpa cothaitheachta — a bhaineann le húsáid an Bhéarla ina aonar, gan phleanáil:

² Tagraíonn na cóid seo don mhúinteoir a rinne an chaint (MC), an tras-scríbhinn a bhí i gceist (A2=Agallamh 2 / F2 = Físeán 2 srl) agus an líne den tras-scríbhinn — líne 3 sa chás seo.

But it could be like completely [bogann sí na lámha thar a ceann] ‘whoosh’ if they’re just ag féachaint ar an fíis as Béarla [...] but níl an téarmaíocht Gaeilge ann, so like that little kind of- just bridging gaps, the pillowing between the English acmhainn and going in to Gaeilge it could just, it cushions the kind of...not the fall [gáire] but it cushions this idea of, you know [...] it’s more well-rounded. [MC:A2:360]

Léirigh MA fiúntas na hoiliúna le tagairtí rialta don scafall agus don tacaíocht a chuirfeadh struchtúr na dtascanna ar fáil don Ghaeilge. Tharraing sí ar an droicheadú mar íomhá chomh maith agus í ag trácht ar an scafall agus ar an dúnadh bearna le cúnaimh ó ‘uirlisí’ nua a bhronn an oiliúint uirthi:

An scafláil seo leis an acmhainn Bhéarla agus ansin ag lorg an aschur trí Ghaeilge ach cabhair a thabhairt do na daltaí é sin a dhéanamh, tá mé a cheapadh go bhfuil sé **thar** a bheith fiúntach. *Yeah*, braithim mar a dúirt mé, muiníneach faoi anois, agus ar bís faoi. Braithim gur rud é a cheart a oscailt amach, braithim go bhfuil sé thar a bheith fiúntach má úsáideann tú na hacmhainní Béarla agus mothaím *now* go bhfuil na saghas *tools* agam chun é sin a dhéanamh níos fiúntaí agus chun an droichead sin a thógáil nó an bearna a líonadh do na daltaí agus cabhrú leo...is iad na daltaí *actually* a gheobhaidh an buntáiste is mó as seo agus is mar sin ba chóir dó a bheith. [MA:F2:15]

Sa ráiteas thíos uaithi, léiríonn an íomhá ‘*leg-up* don Ghaeilge’ an bealach inar shamhlaigh sí an scafall agus an taca don Ghaeilge atá sna tascanna — bealach cruthaitheach eile chun an inbhuanaitheacht a léiriú. Feictear chomh maith an tionchar dearfach ar a muinín agus an maolú ar an inní:

Cheana bhí inní orm na hacmhainní Béarla a úsáid mar gheall...bhuel...bhí a fhios agam go raibh siad ag mealladh na ndaltaí agus go raibh suim acu iontu – uimhir a haon bhí siad i mBéarla, uimhir a dó bhí siad tarraingteach agus níl a leithéid le fáil i nGaeilge...ach bhí inní orm ansin, *I suppose*, nach ndearna siad an nasc leis an fíis Béarla, mar shampla, agus ansin an rud a bhí le déanamh acu trí mheán na Gaeilge. Agus go minic ní raibh siad iad in ann an nasc a dhéanamh. Agus an bearna sin a líonadh nó an droichead sin a thógáil ní raibh a fhios agam conas é a dhéanamh. Ach tar éis na hoíche anocht ag caint faoi na heochairfhocail, ag pleanáil amach conas go bhféadfainn úsáid a bhaint as an acmhainn Bhéarla ach díreach é a bheith mar thacaíocht nó mar *leg-up* don Ghaeilge nó don ábhar trí mheán na Gaeilge...*yeah* tá mé thar a bheith muiníneach faoi agus mothaím gur cheart go mbeadh muid uilig á dhéanamh seo faoi láthair. [MA:F2:15]

Luach an struchtúir a bhí chun tosaigh ag MD, agus í tógtha leis an mbuntáiste ó thaobh struchtúir de a bhronnann an teimpléad agus na tascanna. Dar léi, d’fhéadfadh spriocanna

foghlama a bheith á gcailliúint agus á gcur amú nuair nach mbaintear úsáid as cur chuige struchtúrtha don Bhéarla — chabhraigh an teimpléad léi chun an cur amú spriocanna seo a sheachaint:

Chomh maith leis sin, thug an teimpléad cineál struchtúr don rud, é a bhriseadh síos ionas go mbeidh tú in ann [...] *just* an tasc a bhriseadh síos agus an áit ceart le haghaidh díriú isteach ar téarmaí i mBéarla [...] nach raibh cineál **sprioc** an tasc caillte agat tríd Béarla a thabhairt isteach freisin. [MD:A2:31]

Threisigh MC an dearcadh seo de dheiseanna foghlama a bheith á gcailliúint toisc easpa pleanála don Bhéarla. Rinne sí é seo a chnótáil isteach go cuí le híomhá an chothaithe — feictear di go bhfuil an Béarla á úsáid mar rud ‘folamh’, ‘*throwaway*’, ‘míshláintiúil’, agus deiseanna foghlama á gcailliúint dá bharr. Bhain sí úsáid as íomhá chumhachtach eile de dheiseanna foghlama a bheith ag imeacht le sruth toisc úsáid neamhpleanáilte an Bhéarla:

Níl sé saghas folamh, *it's not kind of just* rud ‘*throwaway*’ *that they're not going to be* ag smaoineamh faoi *em...yeah but it's gas, first thing I thought of, is it always has to be kind of* sláintiúil ina intinn *like, that they're actually* ag dhéanamh rud éigin, *that they're actually* ag foghlaim, *you know [...]* *it's amazing like seriously, seriously though it's interesting to think about it because I don't think a lot of people* **are** *thinking about it like that, the idea of* an méid is mó Béarla atá muid á úsáid *that is just kind of slipping through the cracks that could be a learning opportunity.* [MC:A2:24]

Chuir sí folús agus foilmhe an Bhéarla i gcomparáid leis an téagar atá mar thoradh ar pleanáil éifeachtach an teimpléid:

If you're using Béarla san rang *it's just going in one ear and out the other 'cause that's what they're doing* sa bhaile, *so the fact that you're kind of* ag smaoineamh ar na acmhainní Béarla *and trying to make them, you know,* **úsáidte** i slí saghas praiticiúil *that they're actually* ag foghlaim an teanga *is- is actually very important to think about.* [MC:A2:58]

Bhí an struchtúr chun cinn arís ag MD agus í ag cur síos ar bhuntáistí na pleanála don mhúinteoir agus don dalta araon. Samhlaíodh di go bhfuil dea-thionchar ag an struchtúr a bhronnann an teimpléad ar an bpleanáil ranga agus ar fhorbairt na téarmaíochta:

So i dtosach báire ba mhaith liom a rá go raibh tionchar maith ag na ceardlanna seo ar an mbealach a bhí mé ag plé le téacsanna Béarla sa seomra ranga. Tá an Béarla

mórtimpeall orm agus mórtimpeall orainn sa saol agus mórtimpeall ar na scoláirí freisin agus tá sé tábhachtach dom go bhfuil muid in ann dul i ngleic le bealaí chun an Béarla a tharraingt isteach sa seomra ranga agus é a tharraingt isteach ar bhealach **éifeachtach** freisin. Cinnte chabhraigh an teimpléad liom ionas go mbeidh mé in ann ranganna a phleanáil i gceart, ionas go mbeidh mé in ann díriú isteach i m'ábhar féin ach go háirithe is dóigh [...] go mbeadh muid in ann díriú isteach ar [...] an téarmaíocht is tábhachtaí a bhain leis an topaic sin. [MD:F3:02]

Ba le híomhá de chur chuige níos ‘coinsiasaí’ a léirigh MB tionchar na hoiliúna:

Chomh maith leis, *you know*, an úsáid a bhainim as téacsanna Béarla anois ó seo amach, beidh mé cinnte níos coinsiasaí maidir leis an úsáid agus an aschur a bheidh á lorg agam agus an scafláil, an droichead sin idir an ceann Béarla agus an Ghaeilge, cinnte beidh níos mó struchtúir [...] **beidh** athrú cinnte ar mo chuid cleachtais dá bharr. [MB:F2:6]

Sa rogha friotail seo — ‘coinsiasach’ — tá macalla den trasteangú tomhaiste, stuama, freagrach agus eiticiúil i gcomhthéacs na mionteanga a phléitear sa litríocht (Fortune & Tedick, 2019; Lasagabaster, 2013). Dealraítear go bhfuil cosaint don Ghaeilge mar thosaíocht ag múinteoirí an taighde seo chomh maith — tarraingíonn siad ar fad ar íomhá nó ar fhriotal a chuireann an chosaint don Ghaeilge in iúl chun luach na hidirghabhála trasteangeolaí dá gcomhthéacs a chur in iúl. Sa chleachtas ‘coinsiasach’ seo, tá léiriú ar an ngluaiseacht a sonraíodh i bhforbairt na múinteoirí ó chur chuige ina bhfuil ‘caitheamh suas’ [MB:F3:4] acmhainní Béarla go neamhstraitéiseach go dtí cur chuige feasach, pleanáilte, spriocdhírthe. Bhí athrú agus claochlú mar cheann scríbe ghluaiseacht na múinteoirí i dtreo na hinbhuanaitheachta.

Conclúid

Chuir múinteoirí an taighde seo in iúl nach raibh deis roimhe seo acu machnamh a dhéanamh ar cheist an Bhéarla mar chuid d’Oideachas Tosaigh Múinteoirí ná mar chuid d’Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, agus go ndeachaigh an machnamh agus an oiliúint chun tairbhe dóibh. Chun tógáil ar an taighde seo, bheadh sé tairbheach oiliúint a chur ar fáil amach anseo do ghrúpa níos leithne múinteoirí chun tionchar a mheas ar bhonn níos leithne. Bheadh sé tairbheach chomh maith iniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtascanna sa seomra

ranga, mar aon le tuilleadh agallamh a réachtáil chun dearcthaí faoi úsáid an Bhéarla a mheas le líon níos mó múinteoirí. Tarraingeofar ar fhocail Mhúinteoir A mar fhocal scoir:

Caithfimid teacht aníos le rud éigin, níl *the same ol' same ol'* ag obair, bhfuil a fhios agat an bealach sin, *so* caithfimid bogadh ar aghaidh [...] tá sé chomh maith dúinn breathnú ar tacaíochtaí seachas a bheith ag cur ár gcloigne sa ngaineamh [...] agus ceapaimse gur cabhair mhór mhillteach a bheadh anseo, *really, you know*, tá buntáiste ollmhór ag baint leis. [A:C2:244]

Tagairtí

- Baker, C. (2019) 'A tribute to Ofelia García', *Journal of Multilingual Education Research*, 9(1), 175–182. <https://research.library.fordham.edu/jmer/vol9/iss1/8>
- Baker, C., & Wright, W. E. (2021) *Foundations of bilingual education and bilingualism* (7ú heag.). Multilingual Matters.
- Brocki, J. M., & Wearden, A. J. (2006) 'A critical evaluation of the use of interpretative phenomenological analysis (IPA) in health psychology', *Psychology and Health*, 21(1), 87–108. <https://doi.org/10.1080/14768320500230185>
- Byrnes, H. (2020) 'Navigating pedagogical translanguaging: Commentary on the special issue', *System*, 92. <https://doi.org/10.1016/j.system.2020.102278>
- Cenoz, J., & Gorter, D. (2017) 'Minority languages and sustainable translanguaging: threat or opportunity?', *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 38(10), 901–912. <https://doi.org/10.1080/01434632.2017.1284855>
- Cohen, L., Manion, L., & Morriison, K. (2011) *Research methods in education*, (7ú heag.), Routledge.
- Comhairle na hEorpa (2001) *The Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching, Assessment*, Cambridge University Press.
- Comhairle na hEorpa (2020) *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching, Assessment. Companion Volume with New Descriptors*, Comhairle na hEorpa.

- Coste, D., & Cavalli, M. (2015) *Education, mobility, otherness: The mediation functions of schools*, Comhairle na hEorpa.
- Cummins, J. (2007) 'Rethinking monolingual instructional strategies in multilingual classrooms', *Canadian Journal of Applied Linguistics*, 10(2), 221–240.
<https://journals.lib.unb.ca/index.php/CJAL/article/view/19743>
- Cummins, J. (2019) 'The emergence of translanguaging pedagogy: A dialogue between theory and practice', *Journal of Multilingual Education Research*, 9(1), 13.
<https://research.library.fordham.edu/jmer/vol9/iss1/13>
- Fortune, T., & Tedick, D. (2019) 'Context matters: Translanguaging and language immersion education in the US and Canada', in M. Haneda, & H. Nassaji (Eds.), *Perspectives on Language as Action* (pp. 27–44). Multilingual Matters.
- García, O., Johnson, S. I., & Seltzer, K. (2017) *The translanguaging classroom: Leveraging student bilingualism for learning*, Caslon.
- García, O., & Otheguy, R. (2020) 'Plurilingualism and translanguaging: Commonalities and divergences', *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 23(1), 17–35. <https://doi.org/10.1080/13670050.2019.1598932>
- Hefferon, K., & Gil-Rodriguez, E. (2011) 'Interpretative phenomenological analysis', *The Psychologist*, 24(10), 756–760.
- Lasagabaster, D. (2013) 'The use of the L1 in CLIL classes: The teachers' perspective', *Latin American Journal of Content and Language Integrated Learning*, 6(2), 1–21.
<https://doi.org/10.5294/laclil.2013.6.2.1>
- May, S. (2014) *The Multilingual Turn: Implications for SLA, TESOL and Bilingual Education*, Routledge.
- Mertens, D. (2020) *Research and evaluation in education and psychology: Integrating diversity with quantitative, qualitative and mixed methods* (5ú heag.). SAGE.

- Ní Chathasaigh, C., & Ó Ceallaigh, T. J. (2021) ‘Feasacht teanga an mhúinteora ábhair iarbhunscoile sa tumoideachas: dearchtaí, eispéiris agus tuairimí múinteoirí ábhair i nGaelcholáistí’, *COMHAR Taighde*, 7. <https://doi.org/10.18669/ct.2021.03>
- Nizza, I. E., Farr, J., & Smith, J. A. (2021) ‘Achieving excellence in interpretative phenomenological analysis (IPA): Four markers of high quality’, *Qualitative Research in Psychology*, 18(3), 369–386.
<https://doi.org/10.1080/14780887.2020.1854404>
- North, B. (2022) ‘The CEFR Companion Volume Project: What Has Been Achieved’, in D. Little & N. Figueras (Eag.), *Reflecting on the Common European Framework of Reference for Languages and its Companion Volume*. Multilingual Matters.
- Ó Brolcháin, C. (2017) ‘Oideolaíocht an trasteangaithe i mbunscoileanna na hÉireann: páipéar seasaimh ar a poitéinseal i gcomhthéacsanna áirithe’, *Léann Teanga: An Reiviú*. <https://doi.org/10.13025/5e36-a046>
- Ó Ceallaigh, T. J. (2016) ‘Ag plé le rigor mortis teangeolaíochta: Dearchtaí agus cleachtais mhúinteoirí an tumoideachais’, in T. J. Ó Ceallaigh, & M. Ó Laoire (Eag.), *An Tumoideachas: Bua nó Dua?* (lgh. 2–14). Imeachtaí Comhdhála, An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas: Bealtaine 2015, Coláiste Mhuire gan Smál.
- Ó Ceallaigh, T. J., & Ní Chathasaigh, C. (2021) ‘Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Préamh agus guairne an chleachtais’, *Léann Teanga: An Reiviú*. <https://doi.org/10.13025/ej0y-nm03>
- Ó Ceallaigh, T. J., & Ó Brolcháin, C. (2020) ‘Trasteangú san oideachas lán-Ghaeilge: Deiseanna agus dúshláin’, *Taighde agus Teagasc* 7, 155–170.

- Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M., & Leavy, A. (2019) ‘Comhtháthú an ábhair agus na teanga i gcomhthéacs an tumoideachais: múinteoirí faoi oiliúint i mbun éabhlóide tríd an Staidéar Ceachta’, *COMHAR Taighde*, 5. <https://doi.org/10.18669/ct.2019.03>
- Piccardo, E., & North, B. (2019) *The action-oriented approach: A dynamic vision of language education*, Multilingual Matters.
- Smith, J.A., Flowers, P., & Larkin, M. (2022) *Interpretative phenomenological analysis: Theory, method and research* (2ú heag.) SAGE.
- Smith, J. A., & Nizza, I. E. (2022) *Essentials of interpretative phenomenological analysis*, American Psychological Association.
- Stathopoulou, M. (2015) *Cross-language mediation in foreign language teaching and testing*, Multilingual Matters.
- Tai, K. W. H. (2023) *Multimodal conversation analysis and interpretative phenomenological analysis: A methodological framework for researching translanguaging in multilingual classrooms*, Routledge.
- Yuvayapan, F. (2019) ‘Translanguaging in EFL classrooms: Teachers’ perceptions and practices’, *Journal of Language and Linguistic Studies*, 15(2), 678–694.
<https://doi.org/10.17263/jlls.586811>